Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 12 Meitheamh 2025**
**(OR. en)**

**9908/25**

**ENFOPOL 193**
**CT 68**
**PROCIV 65**
**SPORT 28**
**CULT 60**
**CHIMIE 42**
**ATO 34**
**JAI 781**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 12 Meitheamh 2025 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 8123/25 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le cur i gcoinne rioscaí ceimiceacha, bitheolaíocha, raideolaíocha, núicléacha agus pléascán (CBRN-E) ag ollimeachtaí, go háirithe ollimeachtaí spóirt<br>- Conclúidí ón gComhairle (an 12 Meitheamh 2025) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir le cur i gcoinne rioscaí ceimiceacha, bitheolaíocha, raideolaíocha, núicléacha agus pléascán (CBRN-E) ag ollimeachtaí, go háirithe ollimeachtaí spóirt, a d'fhormheas an Chomhairle (Ceartas agus Gnóthaí Baile) ag an 4102ú cruinniú a bhí aici an 12 Meitheamh 2025.

**Conclúidí ón gComhairle**
**maidir le cur i gcoinne rioscaí ceimiceacha, bitheolaíocha, raideolaíocha, núicléacha agus pléascán (CBRN-E) ag ollimeachtaí, go háirithe ollimeachtaí spóirt**

**Breithnithe ginearálta**

1. Ceann de chuspóirí an Aontais Eorpaigh is ea limistéar saoirse, slándála agus ceartais a bhunú de réir a chéile trí ghníomhaíocht chomhchoiteann a fhorbairt ar fud na mBallstát i réimse an chomhair póilíneachta agus chun bagairtí in áiteanna poiblí a chomhrac, i gcomhréir le forálacha Airteagal 3(2) den Chonradh ar an Aontas Eorpach.

2. D’fhéadfadh méadú teacht ar na bagairtí in áiteanna poiblí agus le linn ollimeachtaí sna Ballstáit mar gheall ar an ngéarú ar choinbhleachtaí armtha, an t-antoisceachas foréigneach, an tírdhreach coiriúil atá ag síorathrú, agus polarú shochaithe na hEorpa.

3. Tá lánúsáid á baint ag gníomhaithe mailíseacha, lena n-áirítear eagraíochtaí coiriúla agus daoine aonair, as dul chun cinn teicneolaíoch, rud a chruthaíonn go leor dúshláin athraitheacha do ghníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí, go háirithe trí iarrachtaí oibreáin chontúirteacha cheimiceacha agus bhitheolaíocha a fháil, a shintéisiú agus a úsáid chun dochar a dhéanamh do dhaoine, d’ainmhithe agus don chomhshaol nó chun cur isteach ar ár slí mhaireachtála.

4. Is gá go háirithe faireachán a dhéanamh ar mhéid an riosca agus na mbagairtí ag ollimeachtaí, lena n-áirítear spóirt, maidir leis an damáiste suntasach a d’fhéadfadh teagmhas nó ionsaí CBRN-E a dhéanamh do dhaoine nó do mhaoin le linn na n-imeachtaí sin.

5. Tá comhordú agus comhar ilghníomhaireachta agus il-institiúide ríthábhachtach le haghaidh imscrúduithe éifeachtacha. Ní mór do ghníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí, chomh maith le gach gníomhaireacht agus seirbhís ábhartha náisiúnta agus áitiúil, tuiscint níos fearr a fháil ar na dúshláin atá ann, mar aon le léargas níos fearr ar na príomh-shaincheisteanna a bhaineann le bagairtí CBRN-E, i gcomhréir leis na dlíthe náisiúnta is infheidhme.

6. D'fhéadfaí athléimneacht na hearnála príobháidí maidir le bagairtí CBRN-E a neartú trí fheasacht a mhúscailt agus trí chomhar le hinstitiúidí poiblí.

7. Tá sé d'aidhm ag na conclúidí seo cur i gcoinne bhagairtí CBRN-E ag ollimeachtaí trí líon teoranta cuspóirí sonracha a bhunú maidir le trealamh frithbheart CBRN-E a chothabháil (cé is moite de shaincheisteanna maidir le cáilíocht, infhaighteacht agus dáileadh geografach stoc Eorpach frithbheart leighis do phobail atá buailte) agus an saineolas is gá a fhorbairt sna Ballstáit, le tacaíocht ó Choimisiún an Aontais i gcás inarb ábhartha, agus trí smaoineamh ar chomhar a dhéanamh leis an earnáil phríobháideach.

8. Tacaíonn na conclúidí le hiarrachtaí an Aontais ceannaireacht theicneolaíoch a fhorbairt a thuilleadh agus barr feabhais a chur chun cinn i mbainistiú riosca CBRN-E, go háirithe tríd an leibhéal is airde cosanta ó ábhair CBRN-E agus freagairt iartheagmhais éifeachtach a chur chun cinn, i gcomhréir leis na cuspóirí a leagtar amach sna conclúidí seo.

9. Ba cheart é a bheith d'aidhm ag na conclúidí seo a bheith comhsheasmhach leis an obair a dhéanann na Náisiúin Aontaithe, an Eagraíocht um Thoirmeasc ar Airm Cheimiceacha, agus an Ghníomhaireacht Idirnáisiúnta d'Fhuinneamh Adamhach, maille leis an treoir cur chun feidhme ábhartha a ghabhann léi.

10. Tá sé d'aidhm ag na conclúidí seo borradh a chur faoi thaighde agus forbairt na dteicneolaíochtaí agus na n-inniúlachtaí is gá chun pleananna agus nósanna imeachta freagartha ar theagmhais CBRN-E a dhearadh agus tacú leo chun sábháilteacht ollimeachtaí a áirithiú ar bhealach níos fearr.

**Iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit an méid seo a dhéanamh:**

11. Agus prionsabal na coimhdeachta agus inniúlachtaí na mBallstát á n-urramú, an gá atá le treoirlínte Eorpacha agus beartais, reachtaíocht nó dea-chleachtais náisiúnta a thabhairt cothrom le dáta maidir le hollimeachtaí (lena n-áirítear imeachtaí spóirt) a mheas chun caighdeáin shoiléire a bhunú nó íoscheanglais a shainiú (lena n-áirítear maidir le bonneagar agus trealamh) le haghaidh pleananna, nósanna imeachta agus bearta ildisciplíneacha maidir le teagmhais CBRN-E agus ionsaithe ag ollimeachtaí a chosc, ullmhú dóibh, freagairt orthu agus téarnamh uathu, agus an méid sin a dhéanamh sula n-eagraítear ollimeachtaí, lena linn agus ina ndiaidh. Ba cheart a chur san áireamh leis na caighdeáin agus na híoscheanglais na cineálacha éagsúla saoráidí le haghaidh ollimeachtaí agus ba cheart iad a bhunú ar dhea-chleachtais idirnáisiúnta agus ar riachtanais shonracha slándála gach tíre nó réigiúin.

12. Forbairt beartas ildisciplíneach agus beart fothaithe acmhainneachta a spreagadh, lena n-áirítear úsáid a bhaint as saoráidí oiliúna, pleananna agus nósanna imeachta náisiúnta agus de chuid an Aontais chun teagmhais agus ionsaithe CBRN-E a chosc, ullmhú faoina gcoinne, freagairt orthu agus téarnamh uathu, i gcomhréir le measúnú bagairtí faisnéisbhunaithe, agus chun déileáil le héifeachtaí na dteagmhas agus na n-ionsaithe CBRN-E sin ag ollimeachtaí (lena n-áirítear imeachtaí spóirt), agus prionsabal na coimhdeachta agus inniúlachtaí na mBallstát maidir leis an tslándáil náisiúnta á n-urramú ag an am céanna.

**Molann an Chomhairle do na Ballstáit an méid seo a leanas a dhéanamh:**

13. Bagairtí a d'fhéadfadh a bheith ann a shainaithint, measúnuithe leochaileachta a dhéanamh ar shaoráidí le haghaidh ollimeachtaí a meastar ardriosca a bheith ag baint leo chun leochaileacht i leith teagmhas nó ionsaí CBRN-E a shainaithint. Bunaithe ar an measúnú sin, ba cheart gníomhaíochtaí a chur chun feidhme chun feabhas a chur ar an gcumas teagmhais agus ionsaithe CBRN-E a thuar, a chosc, a chosaint agus freagairt orthu.

14. Faireachán (agus, nuair is iomchuí, measúnú a dhéanamh) ar limistéir agus saoráidí is féidir a úsáid le haghaidh ollimeachtaí, lena n-áirítear imeachtaí spóirt (e.g. staideanna, hallaí spóirt, etc.), chun teagmhais agus ionsaithe CBRN-E a chomhrac.

15. Tacú le malartuithe taithí trasteorann agus trasearnála chun comhroinnt eolais a fheabhsú, dea-chleachtais a chur chun cinn agus tuiscint níos doimhne a chothú ar chúraimí agus freagrachtaí frithpháirteacha na n-institiúidí a bhainistíonn bagairtí CBRN-E ar an leibhéal náisiúnta trí bhreithniú a dhéanamh ar ardán de chuid an Aontais, mar shampla, a chruthú.

16. Comhar leis an lucht acadúil, le heolaithe agus leis an Airmheán Comhpháirteach Taighde (JRC) a chur chun cinn chun eolas eolaíochtbhunaithe agus fianaisebhunaithe a fháil. Torthaí taighde a ghiaráil chun cásanna a bhaineann le substaintí éagsúla a ionsamhlú, straitéisí ullmhachta agus freagartha le haghaidh teagmhais agus ionsaithe CBRN-E a fheabhsú.

17. A áirithiú, i ngach plean, nós imeachta agus beart, go mbeidh comhordú ann, roimh an ollimeacht agus lena linn, le húdaráis forfheidhmithe dlí agus páirtithe leasmhara poiblí agus príobháideacha eile, lena n-áirítear na húdaráis náisiúnta agus áitiúla atá freagrach as sábháilteacht agus cosaint saoráidí le haghaidh ollimeachtaí i limistéar CBRN-E (e.g. póilíní, briogáid dóiteáin, pearsanra leighis, pearsanra éigeandála bardasach, cumainn spóirt, etc.).

18. A mhéid is féidir, gan aon ábhar CBRN-E a stóráil i saoráidí le haghaidh ollimeachtaí. Nuair nach féidir stóráil a sheachaint, bearta slándála leordhóthanacha éifeachtacha a áirithiú (e.g. CCTV, pearsanra slándála, comharthaíocht iomchuí, nó lipéid).

19. Oiliúint iomchuí CBRN-E a cheapadh agus an oiliúint atá ann cheana (e.g. tionscadal Melody) á cur san áireamh, le haghaidh eagraithe agus oibreoirí bonneagair ollimeachtaí, agus bhaill foirne ábhartha na saoráidí spóirt (gach spriocghrúpa, e.g. bainisteoirí, baill foirne slándála agus neamhshlándála, maor agus tionóntaí). I gcás inar féidir, ba cheart oiliúint a eagrú ar bhonn rialta (e.g. uair sa bhliain), le rannpháirtíocht na n-ionad oiliúna ábhartha de chuid an Aontais agus na n-ionad oiliúna náisiúnta (e.g. Ionad Oiliúna Lár na hEorpa CBRN-E), i gcomhar leis na húdaráis áitiúla atá freagrach as sábháilteacht agus cosaint i réimse CBRN-E (e.g. póilíní, briogáid dóiteáin, pearsanra leighis, pearsanra éigeandála bardasach, cumainn spóirt, etc.) agus ba cheart do na húdaráis inniúla náisiúnta an méid sin a chomhordú. Ina theannta sin, moltar go mbeadh an oiliúint praiticiúil agus dírithe ar chásanna fíorshaoil, le cleachtaí agus ionsamhlúcháin chun freagairt thapa agus éifeachtach a áirithiú i gcás theagmhas nó ionsaí CBRN-E. D’fhéadfaí na hábhair seo a leanas a chuimsiú san oiliúint :

1) nósanna imeachta aslonnaithe agus bainistithe sluaite;

2) buneolas ar bhearta CBRN-E;

3) bagairtí CBRN-E a aithint;

4) prótacail nó nósanna imeachta freagartha le haghaidh teagmhas, i gcás inarb iomchuí i gcomhar leis an Údarás um Ullmhacht agus Freagairt i dtaca le hÉigeandáil Sláinte (HERA), leis an Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta (UCPM) nó leis an nGníomhaireacht Leigheasra Eorpach (EMA);

5) pleananna slándála, lena n-áirítear CBRN-E, a fhorbairt;

6) samplaí, cásanna, cás-staidéir, más iomchuí i gcomhar le HERA, UCPM nó Gníomhaíocht Chomhpháirteach TERROR;

7) trealamh cosanta pearsanta agus a úsáid chuí;

8) aisghabháil sonraí tar éis teagmhais nó ionsaithe a bhainistiú, agus íogaireacht nó aicmiú faisnéise agus an prionsabal ‘ar bhonn riachtanais eolais’ á n-urramú;

9) measúnú leochaileachta CBRN-E ar an suíomh;

10) nósanna imeachta dí-éillithe;

11) bearta maidir le cosaint an phobail a chur chun feidhme agus iarmhairtí a bhainistiú (iarimeacht).

20. Nósanna imeachta aslonnaithe agus bainistithe sluaite a fhorbairt nó a fheabhsú le linn ollimeachtaí, lena n-áirítear imeachtaí spóirt, le go gcuirfear teagmhais agus ionsaithe CBRN-E san áireamh.

21. Smaoineamh ar iarraidh ar Chlár Comhairleach an Choimisiúin um Shlándáil Cosanta bearnaí slándála a shainaithint agus moltaí le haghaidh feabhsuithe a chur i dtoll a chéile.

**Iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún an méid seo a dhéanamh:**

22. Faisnéis a anailísiú agus a sholáthar maidir le tacaíocht airgeadais agus theicniúil a d’fhéadfadh tionscadail náisiúnta agus idirnáisiúnta a fháil i dtaca le cur chun feidhme na gconclúidí seo, go háirithe má dhéantar na gníomhaíochtaí thuasluaite.

23. Féachaint an bhféadfaí úsáid a bhaint, chun críoch oiliúna, as stoic CBRN-E atá imithe in éag nó stoic CBRN-E atá ag tarraingt ar an dáta éaga.